Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10155/26**

**IXIM 125**
**JAI 756**
**ENFOPOL 209**
**CH 23**
**FL 18**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir leis an dáta a chinneadh óna bhféadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta a bhaineann le sonraí dachtalascópacha a sholáthar don Eilvéis agus do Lichtinstéin<br>- Glacadh |

1. *Leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise ar chur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, de Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle um Chur Chun Feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus den Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus de Chinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha a dhéanann gníomhaíochtaí saotharlainne*[1] chomh maith leis an *gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le cur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, de Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle um Chur Chun Feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus den Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus de Chinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha a dhéanann gníomhaíochtaí*

[1] IO L 328, 22.12.2022, lch. 94.

*saotharlainne*[2] (‘na Comhaontuithe’), foráiltear do chomhar cómhalartach idir údaráis inniúla forfheidhmithe dlí na mBallstát, ar thaobh amháin, agus an Eilvéis agus Lichtinstéin, ar an taobh eile, maidir le malartú uathoibríoch sonraí ADN, sonraí dachtalascópacha agus sonraí clárúcháin feithiclí.

2. I gcomhréir le hAirteagal 8(7) den dá Chomhaontú, ní sholáthróidh na Ballstáit sonraí pearsanta dá bhforáiltear faoi na Comhaontuithe sin go dtí go mbeidh forálacha Chaibidil 6 de *Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle*[3] curtha chun feidhme i ndlíthe náisiúnta na hEilvéise agus Lichtinstéin. Chun a fhíorú an amhlaidh atá an cás, tabharfar faoi chuairt mheastóireachta agus triail phíolótach, cosúil leo sin a tugadh i gcrích i leith na mBallstát de bhun Chaibidil 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le *Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle*.[4]

3. An 21 Eanáir 2026, tugadh faoi chuairt mheastóireachta choiteann den sórt sin ar an Eilvéis agus ar Lichtinstéin maidir le cuardaigh uathoibrithe ar shonraí dachtalascópacha.

4. Ag an gcruinniú a bhí aici an 22 Aibreán 2026, d’fhormhuinigh an Mheitheal um Malartú Faisnéise CGB (IXIM) tuarascáil fhoriomlán mheastóireachta, ina ndéantar achoimre ar thorthaí na cuairte meastóireachta coitinne agus ar thorthaí na trialach píolótaí ar tugadh fúthu faoi chuimsiú na meastóireachta. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil go bhfuil na gnéithe lena gcumasaítear malartú uathoibrithe sonraí dachtalascópacha leis na Ballstáit de bhun Airteagal 8(7) den Chomhaontú idir an tAontas agus Cónaidhm na hEilvéise, agus Airteagal 8(7) den Chomhaontú idir an tAontas agus Prionsacht Lichtinstéin, curtha chun feidhme go rathúil ag an Eilvéis agus ag Lichtinstéin ar an leibhéal dlíthiúil, oibríochtúil agus teicniúil.

5. Ós rud é gur chomhlíon an Eilvéis agus Lichtinstéin na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 8(7) de na Comhaontuithe, ba cheart an Eilvéis agus Lichtinstéin a bheith i dteideal sonraí pearsanta a fháil arna soláthar ag na Ballstáit de bhun na gComhaontuithe.

6. De réir an tríú fomhír d’Airteagal 8(7) den dá Chomhaontú, tugtar cumhachtaí cur chun feidhme don Chomhairle d’fhonn an dáta nó na dátaí a chinneadh óna bhféadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta a sholáthar don Eilvéis agus do Lichtinstéin.

---

**2** IO L 328, 22.12.2022, lch. 96.

**3** Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 1).

**4** Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 12).

7. I bhfianaise an mhéid thuas agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

– Dréacht-*Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir leis an dáta a chinneadh óna bhféadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta a bhaineann le sonraí dachtalascópacha a sholáthar don Eilvéis agus do Lichtinstéin*, mar a leagtar amach in 10088/26 é, a ghlacadh mar mhír 'A'.

– a chomhaontú go bhfoilseofar téacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle san Iris Oifigiúil.